Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

# Dioplóma sa Chultúr Dúchais

**An bhfuil spéis agat i do Chultúr Dúchais?**
Ar mhaith leat tabhairt faoi chúrsa Ollscoile san ábhar spéisiúil seo, ar bhealach a thabharfaidh go leor neamspleáchais duit agus tú i mbun foghlama? Seo do sheans!



## Cur síos ar an gcúrsa

Tá an cúrsa seo dírithe ar dhaoine a bhfuil spéis acu i gcultúr dúchais agus i mbéaloideas na hÉireann. Is é aidhm an chúrsa eolas a roinnt le rannpháirtithe le go bhfaighidh siad léargas ar shaibhreas an chultúir sin. Gheobhaidh rannpháirtithe léargas freisin ar acmhainní agus ar shaothair a bhaineann leis an gcultúr dúchais, agus gheobhaidh siad deis forbairt phearsanta a dhéanamh agus cur lena gcáilíochtaí oideachais.

Cuirfear an cúrsa ar fáil ar an Idirlíon den chuid is mó, ar bhealach a thabharfaidh go leor saoirse do rannpháirtithe agus iad i mbun staidéir agus oibre. Cé go bhfuil an cúrsa seo dírithe ar gach duine a bhfuil spéis acu san ábhar, bhainfeadh daoine atá ag obair nó ar mhaith leo oibriú i réimsí áirithe tairbhe as freisin, mar shampla:

- Turasóireacht chultúrtha / forbairt pobail
- Na hEalaíona cruthaitheacha
- Múinteoireacht

## Tréimhse an chúrsa

Is cúrsa páirtaimseartha thar dhá bhliain ollscoile é seo (Meán Fómhair go hAibreán an dá bhliain).
Mar gur trí 'chianfhoghlaim' ar an Idirlíon a chuirtear formhór an chúrsa ar fáil feilfidh sé do dhaoine ó cheann ceann na tíre agus fiú amháin iad siúd atá thar lear. Beidh formhór an chúrsa á theagasc ar an Idirlíon ach tiocfaidh rannpháirtithe le chéile trí huaire sa bhliain i gcomhair léachtaí ar Champas na hOllscoile.

Beidh deis ag na foghlaimeoirí dul i dtaithí ar leagan amach an chúrsa ar an Idirlíon sula dtosóidh an cúrsa féin. Cuirfear sceideal an chúrsa ar fáil ag tús an chúrsa.

Ollscoil na Gaillimhe | University of Galway

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge







## Bliain 1

### Cúlra & Comhthéacs an Bhéaloidis
Léann an Bhéaloidis in Éirinn agus gnéithe éagsúla den chultúr dúchais.

### Gnéithe de na hEalaíona Dúchais
Amhránaíocht, ceol agus damhsa traidisiúnta.

### Deasghnátha agus Nósmhaireacht Thraidisiúnta
Tuiscintí agus nósanna traidisiúnta a bhaineann le breith agus le bás; féilte na bliana; leigheas traidisiúnta.

---

## Bliain 2

### An tOsnádúr sa Bhéaloideas
Tuiscintí dúchasacha faoin 'saol eile' sa bhéaloideas agus a dtábhacht sa phobal traidisiúnta.

### An Cultúr Ábhartha
Bealaí maireachtála agus ceirdeanna traidisiúnta.

### Aicmí na nAmhrán
Na cineálacha difriúla amhrán traidisiúnta; tréithe, stíleanna agus téamaí na n-amhrán.

---

## Cáilíocht
Dioplóma de chuid Ollscoil na Gaillimhe é seo atá ag Leibhéal 7 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí agus tá 30 ECTS luaite leis. Sa chás nach gcríochnóidh an rannpháirtí ach Bliain 1, is féidir Teastas sa Chultúr Dúchais a bhronnadh air/uirthi ach an caighdeán cuí a bhaint amach i measúnuithe na bliana sin.

### Riachtanais iontrála
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil caighdeán sásúil Gaeilge acu agus spéis acu sa chultúr dúchais.
Ní mór go mbeadh rannpháirtithe ar a gcompord le léamh na Gaeilge mar go gcuirtear go leor ábhair léitheoireachta ar fáil mar chuid den chúrsa. Ní mór freisin go mbeadh ríomhaire agus ceangal leathanbhanda ag rannpháirtithe.

---

## Táille agus iarratais
Tá gach eolas faoi tháille an chúrsa le fáil ó Dhónal Ó Droighneáin, ag an seoladh ríomhphoist thall.
Chun iarratas a dhéanamh ar áit ar an gcúrsa téigh go dtí suíomh Idirlín Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge: tá an seoladh tugtha ag bun an leathanaigh seo.

---

*Ba phléisiúr agus ba shásamh mór dom an Dioplóma sa Chultúr Dúchais a dhéanamh. Bhí saibhreas an chultúir dhúchais, an amhránaíocht, an ceol agus an béaloideas, curtha inár láthair trí léachtaí, físeáin, agus taifeadtaí iontach spéisiúil ar líne. Bhí caighdeán agus fairsinge an eolais a bhí ar fáil thar barr agus bhí an fhoireann teagaisc an-chuidiúil go deo. Is tumadh iomlán é seo sa chultúr dúchais agus beidh iontas an tsaoil ort an bród a **mhothóidh tú as ár n-oidhreacht ársa luachmhar!***

**Dáirine Ní Mheadhra,**
(Corcaigh & Ceanada), iarfhoghlaimeoir.

## Tuilleadh eolais:


Dónal Ó Droighneáin (Stiúrthóir)
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe,
Carna, Co. na Gaillimhe.
r: donal.odroighneain@ollscoilnagaillimhe.ie

Micheál Ó Domhnaill
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe,
Gaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall.
r: modomhnaill@ollscoilnagaillimhe.ie

Odharnait Ní Chéilleachair
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe,
Campas na hOllscoile, Gaillimh.
r: odi.nicheilleachair@ollscoilnagaillimhe.ie


---

Eolas faoi chúrsaí ag
**www.ollscoilnagaillimhe.ie/acadamh**